Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2614

20.11.2023

**RIALACHÁN (AE) 2023/2614 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Samhain 2023**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh séaclaí gorma agus dearga sa Mhuir Iónach (folimistéir gheografacha CGIM 19, 20 agus 21) le haghaidh soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2023.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2023 ídithe ag gabhálacha an stoic séaclaí gorma agus dearga sa Mhuir Iónach (folimistéir gheografacha CGIM 19, 20 agus 21) ag soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2023 a chionroinntear ar an Iodáil le haghaidh an stoic séaclaí gorma agus dearga (folimistéir gheografacha CGIM 19, 20, agus 21) dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh an stoic dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabhann na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 (IO L 28, 31.1.2023, lch. 220).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Virginijus SINKEVIČIUS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| | |
|---|---|
| Uimh. | 15/TQ195 |
| AN BALLSTÁT | An Iodáil |
| STOC | ARA/GF19-21 |
| SPEICEAS | An séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) |
| LIMISTÉAR | An Mhuir Iónach (folimistéir gheografacha CGIM 19, 20 agus 21) |
| DÁTA DEIRIDH | 14 Deireadh Fómhair 2023 |